16.10.2020 A9-0193/1

**Leasú 1**
**Philippe Lamberts**
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 12 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12a. á chur in iúl gur geal léi fógra an Choimisiúin sa Straitéis Bhliantúil maidir le Fás Inbhuanaithe i dtaca lena rún cuspóirí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú sa Seimeastar Eorpach; á iarraidh go dtabharfaí isteach táscairí ilchodacha agus spriocanna a bhaineann leis an bhfolláine agus leis an bhforbairt inbhuanaithe mar chuid lárnach de thimthriall bliantúil an Aontais i ndáil le faireachán agus treoir eacnamaíoch; ag tabhairt dá haire an obair shuimiúil a rinneadh i gcomhthéacs Thuarascáil Réamhamhairc Straitéisigh 2020 ón gCoimisiún, go háirithe coincheap na ndeaiseanna athléimneachta; á mholadh go ndéanfaí an obair a rinneadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe tuarascáil na Náisiúin Aontaithe dar teideal 'Táscairí agus Creat Faireacháin le haghaidh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe' agus creat folláine na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta;*** |

Or. en